Dé Máirt 5. Iúil 2022

P9_TA(2022)0272

Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe AE/Oileáin Cook: prótacal cur chun feidhme ***

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Iúil 2022 maidir leis an dréacht-chinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook (12640/2021 – C9-0006/2022 – 2021/0312(NLE))

(Toiliú)

(2023/C 47/28)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (12640/2021),

— ag féachaint don dréachtphrótacal ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook (12633/2021),

— ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 43 agus le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), agus le hAirteagal 218(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-0006/2022),

— ag féachaint do Riail 105(1) agus (4) agus Riail 114(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Iascach (A9-0197/2022),

1. ag tabhairt a toilithe an prótacal a thabhairt i gcrích;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus chuig rialtas agus parlaimint Oileáin Cook.